Fíor nó bréagach

Tá an cluiche “Fíor nó bréagach” á imirt ag Eilís agus Seán ar an gclár bán maighnéadach ina seomra ranga. Tá Eilís tar éis seacht gcruth mhaighnéadacha dhifriúla a chur ar an gclár. Deir sí ceithre rud ansin maidir le cruth, dath, méid agus suíomh na gcruthanna. Ní féidir ach ráiteas amháin a bheith fíor. Tá ar Sheán teacht ar an ráiteas sin.



CEIST

Cén ceann de na ráitis thíos atá fíor?

A. Tá ar a laghad cruth gorm amháin níos airde ná ceann amháin de na cruthanna buí

B. Tá na cruthanna go léir a bhfuil cruth cearnóige orthu níos airde ná na cruthanna go léir a bhfuil cruth an chiorcail orthu

C. Tá na cruthanna beaga go léir ar an taobh deas de na cruthanna móra go léir.

D. Tá ar a laghad cruth buí amháin ar an taobh deas de na cruthanna gorma go léir.

Computational thinking resources for teachers by Maynooth University – pact.cs.nuim.ie
Original © 2014 Bebras, modifications © 2022 Maynooth University, Licence: CC-BY-NC-SA 4.0
Aistriúchán Gaeilge arna mhaoiniú ag COGG